

Nuacht a hAon Raidió na Gaeltachta 07 Samhain 2017

Bríd Ní Chualáin

‘Nois ar ais sa mbaile anseo, tá cinneadh na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara post gan riachtanas Gaeilge a fhógairt i gceantar Gaeltachta á scrúdú ag an gCoimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill. Cuirtear béim sa bhfógra don phost mar oibrí ginearálta ag calafort Ros a’ Mhíl, atá foilsithe sa gCuradh Connachtach an tseachtain seo, go gcaithfidh Béarla líofa a bheith ag an duine a cheapfar. Tá litir scríofa ag Oifig an Choimisinéara Teanga chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, ag fiosrú cén fáth nach bhfuil sé luaithe go mbeadh an Ghaeilge riachtanach don phost. Bhuel tá an Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill, liom sa stiúideo anois. Ar ndóigh, a Rónáin, ní mó ná sásta atá tú, nach bhfuil aon tagairt déanta ag an Roinn sa bhfógra nuachtáin faoi go dteastódh an teanga Ghaeilge don phost seo, cé go bhfuil an calafort suite i lár na Gaeltachta.

Rónán Ó Domhnaill:

Sea, tá sé. Chuir sé iontas orm. Deir siad go bhfuil sé riachtanach go mbeadh Béarla ag an duine, ní deir siad go bhfuil sé riachtanach go mbeadh Gaeilge ag an duine a cheapfar, cé go ndeir siad go mbeadh sé inmhianaithe, go bunúsach ‘séard atá i gceist acu leis sin ná go mba mhaith leo go mbeadh Gaeilge ag duine, gur buntáiste sa mbreis a bheadh ann, ach ní dheir siad go gcaithfidh Gaeilge a bheith ag an té a cheapfar, cé go ndéarfadh siad go gcaithfidh Béarla a bheith ag an té a gceapfar agus cuireann sé iontas orm ar roinnt chúiseannaí. An chéad chúis, is dóigh, ó thaobh na reachtaíochta dhe, mo chuid oibre fhéin, ní dheir sé i scéim teanga na Roinne, níl an phost seo sainaitheanta mar phost le riachtanais Gaeilge, ach, sa scéim teanga céanna, deir sé, go n-oibreoidh an Roinn chun a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge mar theanga oibre sna hoifigí atá acu sa nGaeltacht faoin mbliain fiche fiche (2020). Anois, má tá an Roinn ag tabhairt geallúint reachtúil, seo geallúint atá déanta i scéim teanga atá daingnithe idir an Roinn agus Aire na Gaeltachta, má tá an Roinn ag tabhairt geallúint reachtúil é sin a dhéanamh, is deacair brí nó tuiscint ceart a fháil ar cén fáth go mbeadh post á fhógairt gan riachtanas Gaeilge, ní thagann an dá rud le chéile. So, ar an mbunús sin, nuair a tarraingníodh mo aird ar seo, chinn mé scríobh ag Ard-Rúnaí na Roinne, rinne muid é sin ar maidin, agus chuir mé ina luí air féach, tá an méid sin daingnithe agat sa scéim, tá post théis a bheith fógraithe anois gan riachtanas Gaeilge ann. Céard atá ag tarlú? Cén freagra atá agaibh air seo? Agus, tá mé ag súil le freagra air sin gan mhoill féachaint céard...céard a thitfeas amach. Ach tá...ar leibhéal níos leithne, más féidir liom dhul ar leibhéal níos leithne faoi seo, freisin, tá go leor caint faoin phleanáil teanga faoi láthair mar shampla agus tá’s a’inn go bhfuil pleanáil teanga ar siúl i gceantar Chois Fharraige. Ní dhéanann sé aon chiall go bhfuil pobal Chois Fharraige, ag cur dua agus strus agus antró orthu fhéin ag iarraidh scéim teanga a dhaingniú agus a aontú agus maoiniú ceart a fháil len’ aghaidh agus mar sin de ar fad agus ag an am céanna go dtiocfadh an Stát isteach, sa gcás seo an Roinn Talmhaíochta, ag rá fair plé dhaoibh as ucht plean teanga a dhéanamh ach dála an scéil, tá muid chun fostaí a cheapadh anseo agus níl aon riachtanais Gaeilge leis an bpost. Ní thagann an dá rud le chéile, tá an Stát ag rá rud amháin ar lámh amháin, rud amháin ar lámh eile, ní thagann an dá rud le chéile agus ní dhéanann sé ciall.

Bríd Ní Chualáin

Ach, th’éis na mblianta seo ar fad agus an cheist seo, á plé an t-am ar fad nach bhfuil sé áiféiseach go bhfuil sé anois tagthaí sa saol ag an tráth seo go bhfuil ortsa a dhul agus scríobh ag Ranna Stáit ag cuir na ceiste.

Rónán Ó Domhnaill:

Tá, sa mhéid agus go bhfuil fhios a’inn, go bhfuil gá leis seo ón uair gur ceapadh mise agus sular ceapadh mé bhí sé ráite ag an t-iar-Choimisinéir Teanga roimhe sin, Séan Ó Cuirreáin, go raibh gá le foráil dhíreach sa reachtaíocht a chinnteodh go mbeadh Gaeilge ar a dtoil ag fostaithe sa Stáit atá lonnaithe sa Ghaeltacht. Ag mo chéad Choiste Oireachtais leag mé béim faoi leith air sin. Tá’s a’inn le ceannteidil an Bhille na dTeangachaí nua a foilsíodh i mí Bealtaine, tá sé ráite go sonrath sna ceannteidil sin, go mbeidh foráil ann a chinnteoidh go mbeidh Gaeilge ar a dtoil ag fostaithe an Stáit atá lonnaithe sa Ghaeltacht. B’fhearr liomsa go mbeadh sé níos leithne mar sin, go mbeadh an dualgas ann do dhaoine a bheadh ag cur seirbhís ar fáil sa nGaeltacht chomh maith, ach bíodh sin mar atá. Léiríonn sé, is dóigh, an phráinn a bhaineann leis an Acht nua a chur thríd sa gcaoi nach bhféadfadh sé seo tarlú arís, nach mbeidh muid ag brath ar céard atá geallta i Scéim Teanga agus céard nach bhfuil geallta i Scéim Teanga, ach go mbeidh sé le tuiscint ag aon chomhlacht Stáit, an Roinn Talmhaíochta nó aon Roinn Rialtais eile san áireamh, má tá siad ag fógairt post a bhéas lonnaithe sa nGaeltacht nó mo thuairim fhéin atá ag cur seirbhís ar fáil sa nGaeltacht go gcaithfidh Gaeilge ar a dtoil a bheith ag an duine sin chun plé agus déileáil a bheith acu le muintir na Gaeltachta. Nach leor a rá, bheadh sé go deas dá mbeadh Gaeilge ag an duine ach i ndáiríre tá sé riachtanach go mbeadh Béarla. Níl sé sin sách maith. Tá sé riachtanach go mbeadh an Ghaeilge acu chomh maith.

Bríd Ní Chualáin

Agus an bhfuil tusa cinnte go b’shin an deireadh a bhéas air seo ar fad, go mbeidh sé sin curtha san áireamh?

Rónán Ó Domhnaill

Bhuel, tá...

Bríd Ní Chualáin

Go mbeidh sé ag teastáil riachtanach go mbeadh Gaeilge ag...

Rónán Ó Domhnaill

Tá mé.. tá mé céad faoin gcéad cinnte go b’shin a theastaíonn, ó thaobh an mbeidh sé ann nó nach mbeidh is ceist í sin dhóibh siúd atá ag dréachtú na reachtaíochta, an post atá agamsa ná reachtaíocht a chinntiú go gcomhlíonfar an reachtaíocht, go gcloífear leis an méid atá sa reachtaíocht fhéin. Tá mé céad faoin gcéad cinnte go bhfuil a leithéid ag teastáil, go mbeidh foráil dhíreach leagtha síos sa reachtaíocht a déarfais má tá fostaí do chuid an Stáit ag obair sa nGaeltacht, tá muid chun tacú le muintir na Gaeltachta, iad siúd atá ag iarraidh an Ghaeilge a labhairt agus a chinntiú go mbeidh Gaeilge acu. So, má tá siad lonnaithe sa nGaeltacht, nó ag cur seirbhís ar fáil sa nGaeltacht, go ba cheart go mbeadh Gaeilge acu.

Ceart go leor, a Rónáin, go raibh maith agat faoi theacht isteach sa stiúideo a’inn. Ar ndóigh tá, míniú iarrtha ag an Rannóg Nuaíochta, nuaíocht áitiúil go deimhin fhéin, ar an Roinn freagra a fháil ar an gceist sin agus tá muid fós ag fanacht leis an bhfreagra sin. Ach bhí mé ag caint ansin leis an gCoimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill...